2024/2419

16.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2419 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meán Fómhair 2024

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Soft Care Med H5' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2019 chuir Diversey Europe Operations B.V. iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, iarratas ar údarú Aontais le haghaidh táirge bithicídeach singil ar a dtugtar 'Soft Care Med H5' de chineál táirge 1, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hÍsiltíre meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-MF050448-40 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is iad própán-1-ól agus própán-2-ól na substaintí gníomhacha atá in 'Soft Care Med H5', ar substaintí iad a airítear ar liosta an Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta i gcás chineál táirge 1 dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 17 Iúil 2023, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) An 14 Nollaig 2023, chuir an Ghníomhaireacht faoi bhráid an Choimisiúin a tuairim uaithi ([2]), an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'Soft Care Med H5' agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an táirge bithicídeach singil, i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach singil é 'Soft Care Med H5' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(6) An 3 Eanáir 2024, sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh 'Soft Care Med H5' a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) *ECHA opinion of 22 November 2023 on the Union authorisation of the single biocidal product 'Soft Care Med H5'* [Tuairim ó ECHA an 22 Samhain 2023 maidir le húdarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Soft Care Med H5'] (ECHA/BPC/401/2023), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0032018-0000 do Diversey Europe Operations B.V. maidir leis an táirge bithicídeach singil 'Soft Care Med H5' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú ón Aontas bailí ón 6 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2034.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

Soft Care Med H5

Cineál nó cineálacha táirge

PT01: Sláinteachas an duine

Uimhir an údaraithe: EU-0032018-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0032018-0000

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

Trádainm/trádainmneacha	Soft Care Med H5 Soft Care Med DivoCare Alco P VR203 DivoCare Alco P Soft Care Alcoplus Soft Care Impact Med PrimeSource MED Soft Care Alcogel PrimeSource Alcoplus PrimeSource Alcogel PrimeSource Hand Sanitizer STAPLES Med STAPLES Alcogel STAPLES Alcoplus STAPLES Hand Sanitizer Optimax Hand Sanitizer Optimax Med Optimax Alcogel Optimax Alcoplus Trust MED

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Diversey Europe Operations B.V.
	Seoladh	Regulatory team Maarssenbroeksedijk 2 3542 DN Utrecht NL
Uimhir an údaraithe	EU-0032018-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0032018-0000	
Dáta an údaraithe	an 6 Deireadh Fómhair 2024	
Dáta éaga an údaraithe	an 30 Meán Fómhair 2034	

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Diversey Europe Operations B.V.

Seoladh an mhonaróra	Maarssenbroeksedijk 2 3542 DN Utrecht An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Diversey Europe Operations B.V. site 1 Strada Statale 235 26010 Bagnolo Cremasco (CR) An Iodáil Diversey Europe Operations B.V. site 2 Rembrandtlaan 414 7545 ZW Enschede An Ísiltír Diversey Europe Operations B.V. site 3 Cotes Park Industrial Estate DE55 4PA Somercotes, Alfreton Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Diversey Europe Operations B.V. site 4 Avenida Conde Duque 5, 7 y 9, Poligono Industrial La Postura 28343 Valdemoro, Madrid An Spáinn Diversey Europe Operations B.V. site 5 Morschheimer Strasse 12 67292 Kirchheimbolanden An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Multifill B.V.
Seoladh an mhonaróra	Constructieweg 25a, P.O. Box 367 3640 Mijdrecht An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Multifill B.V. site 1 Constructieweg 25a, P.O. Box 367 3640 AJ Mijdrecht An Ísiltír

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an mhonaróra	BASF SE
Seoladh an mhonaróra	Carl-Bosch-Str. 38 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	BASF SE site 1 Carl-Bosch-Str. 38 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an mhonaróra	OXEA Corporation
Seoladh an mhonaróra	2001 FM 3057 TX 77414 Bay City Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	OXEA Corporation site 1 2001 FM 3057 TX 77414 Bay City Na Stáit Aontaithe

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	SASOL Solvents Germany GmbH
Seoladh an mhonaróra	Anckelmannsplatz D-20537 Hamburg An Ghearmáin

Suíomh na láithreán monaraíochta	SASOL Solvents Germany GmbH site 1 Shamrockstrasse 88 D-44623 Herne An Ghearmáin SASOL Solvents Germany GmbH site 2 Römerstr. 733 D-47443 Moers An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	Shell Chemicals Europe B.V.
Seoladh an mhonaróra	Postbus 2334 3000 CH Rotterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Shell Chemicals Europe B.V. site 1 Shell Nederland Chemie BV/Shell Nederland Raffinaderij B.V., Vondelingenweg 601 3196 KK Rotterdam-Pernis An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	Exxon Mobil Chemicals
Seoladh an mhonaróra	Hermeslaan 2 1831 Machelen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Exxon Mobil Chemicals site 1 ExxonMobil's Baton Rouge Refinery and Chemical Plant, 4045 Scenic Hwy LA 70805 Baton Rouge Na Stáit Aontaithe Exxon Mobil Chemicals site 2 Esso Refinery Fawley SO45 1TX Southampton Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	Novapex
Seoladh an mhonaróra	21 Chemin de la Sauvegarde - 21 Ecully Parc - CS 33167 69134 Écully Cedex An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Novapex site 1 Novapex SAS Usine de Rousillon, Rue Gaston Monmousseau 38556 Saint Maurice l'Exil An Fhrainc

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-1-ol		substaint ghníomhach	71-23-8	200-746-9	2,96 % (w/w)
Propan-2-ol		substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	70 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

Ráitis ghuaise	H225: Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte. H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán. H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P101: Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe. P102: Coimeád as aimsiú leanaí. P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P233: Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P261: Seachain gala a análú. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P312: Cuir glao ar IONAD NIMHIÚCHÁIN má bhraitheann tú tinn. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle. P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta. P403+P235: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád fionnuar é. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar i dramhaíl cheimiceach. P103: Léigh go cúramach agus lean na treoracha go léir.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

PT01 - Díghalrán lámh sláinteachais

An cineál táirge	PT01: Sláinteachas an duine
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris speictrim theoranta Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Eitinn bacilli Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh úsáid lasmuigh Díghalrán lámh réidh le húsáid le haghaidh lámh lena úsáid in ospidéil agus i limistéir leighis eile, i limistéir institiúideacha agus thionsclaíocha, i mbialanna agus i gcistineacha ceaintín ar scála mór agus i limistéir fóillíochta. Ní le haghaidh úsáid tís.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Do chaidéal nó do phúitse le caidéal:Dáil an díghalrán réidh le húsáid tríd an táirge a chur ar na lámha. Cuimil é chun lámha glana a chlúdach go hiomlán. Do bhuidéal le caipín smeacha nó caipín:Doirt an leacht réidh le húsáid isteach i mbos láimh cuachta amháin. Cuimil é chun lámha glana a chlúdach go hiomlán.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Duine fásta: 3 ml (ba chóir go mbeadh an méid leachta cosúil le méid bonn mór) cothrom le 3 chaidéal i gcomhréir leis an gcóras dáileoige - Leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois: 2 ml cothrom le 2 chaidéal i gcomhréir leis an gcóras dáileoige - Leanbh faoi bhun 6 bliana: 1 ml cothrom le 1 chaidéal i gcomhréir leis an gcóras dáileoige Caolú (%): Réidh le húsáid Airí uainithe: Úsáideoir gairmiúil agus tionsclaíoch: Úsáid suas le 25 uair in aghaidh an lae Úsáideoir neamhghairmiúil: — Daoine fásta: Úsáid suas le 11 uair in aghaidh an lae — Leanaí: Úsáid suas le 3 huaire in aghaidh an lae
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil ; an pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Gairmiúil agus tionsclaíoch: Coimeádán docht (caipín smeacha) déanta as poileitiléin ard-dlúis (HDPE): 100, 150, 200, 500 ml Coimeádán docht (caidéal/ caipín) (HDPE): 0,5, 0,6, 0,7, 0,75, 0,8, 0,9, 1, 1,3, 1,5, 2, 3, 5, 10, 20, 50, 100, 200, 900, 950, 1000 lítear Coimeádán solúbtha (púitse le caidéal/ caipín) poileitiléin ísealdlúis (LDPE): 0,8, 1,3, 2,5 lítear Neamhghairmiúil: Coimeádán docht (caipín smeacha) (HDPE): 100, 150, 200, 500 ml Coimeádán docht (caidéal/ caipín) (HDPE): 0,5, 0,6, 0,7, 0,75, 0,8, 0,9, 1, 1,3, 1,5, 2, 3, 5 lítear Coimeádán solúbtha (púitse le caidéal/ caipín) (LDPE): 0,8, 1,3, 2,5 lítear

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Cloígh leis na treoracha úsáide.

Ba cheart an táirge a úsáid ar lámha atá an-ghlan.

Céim 1: Úsáid an méid dighalráin seo a leanas:

— Duine fásta: 3 ml (ba chóir go mbeadh an méid leachta cosúil le méid bonn mór) cothrom le 3 chaidéal i gcomhréir leis an gcóras dáileoige

— Leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois: 2 ml cothrom le 2 chaidéal i gcomhréir leis an gcóras dáileoige

— Leanbh faoi bhun 6 bliana: 1 ml cothrom le 1 chaidéal i gcomhréir leis an gcóras dáileoige

Cuimil isteach i mbos na láimhe é. Cuimil ó bhos go bos chun an dighalrán a scaipeadh thar na lámha agus na méara ar fad.

Céim 2: Cuimil cúl na láimhe clé le bos na láimhe deise. Malartaigh na lámha agus déan arís.

Céim 3: Oscail na méara agus cuimil eangacha na méire. Malartaigh na lámha agus déan arís.

Céim 4: Cuimil ó bhos go bos agus na méara snaidhmthe le chéile (5 huaire).

Céim 5: Cuimil an ordóg de gach lámh ag baint úsáid as gluaiseacht rothlach.

Céim 6: Cuimil barr na méara i gcoinne na boise eile ag baint úsáid as gluaiseacht chiorclach. Cuimil an rosta leis an dá lámh. Lig do na lámha triomú go hiomlán.

Coinnigh fliuch ar feadh 30 soicind i gcoinne baictéar, giosta, eitinn bacilli agus víris imchlúdaithe NÓ 2 nóiméad i gcoinne víris speictrim theoranta.

Ná sruthlaigh.

Déan arís má tá dighalrú láimhe eile ag teastáil.

Ní dhéanfaidh Leanaí agus Lapadáin na lámha a dhíghalrú ach amháin faoi mhaoirseacht duine fásta: cuir an méid atá ag teastáil ó leanaí/lapadáin ar do lámh féin ar dtús agus cuimil an táirge ar lámh an linbh/lapadáin go dtí go mbeidh an dá lámh triomaithe go hiomlán (féach na treoracha 6 Chéim). Déan cinnte nach leagann an leanbh/lapadán lámh ar na súile ná ar an mbéal sula mbeidh an táirge triomaithe.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

Caithfidh leanaí a bheith faoi mhaoirseacht duine fásta le linn úsáide.

Ná húsáid an táirge ar leanaí < 1 bhliain.

Bí cinnte go n-úsáidfidh an t-úsáideoir an táirge i limistéar nach mbeidh daoine ann ar feadh tréimhse fhada.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Coinnigh ar shiúl é ó leanaí agus ainmhithe/peataí nach sprioc-ainmhithe iad.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2.

PT01 - Díghalrán lámh máinliachta

An cineál táirge	PT01: Sláinteachas an duine
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris speictrim theoranta Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Eitinn bacilli Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrán lámh máinliachta réidh le húsáid ar lámha agus ar rí na láimhe lena úsáid in ospidéil agus i limistéir leighis eile.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáil an díghalrán réidh le húsáid trí chaidéalú 3 huaire ar a laghad (1 ml in aghaidh an chaidéil) ar na lámha (caidéal/púitse le caidéal) agus cuimil é chun na lámha agus na géaga a chlúdach go hiomlán. NÓ Doirt an leacht réidh le húsáid isteach sa bhos de lámh amháin cuachta (buidéal le caipín smeacha nó caipín) agus cuir go leor ort chun na lámha agus géaga glana a chlúdach go hiomlán.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Codanna de 3 ml suas le 12 ml san iomlán Caolú (%): Réidh le húsáid Airí uainithe: Úsáid suas le 4 huaire in aghaidh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Coimeádán docht (caipín smeacha) déanta as poileitiléin ard-dlúis (HDPE): 100, 150, 200, 500 ml Coimeádán docht (caidéal/ caipín) (HDPE): 0,5, 0,6, 0,7, 0,75, 0,8, 0,9, 1, 1,3, 1,5, 2, 3, 5, 10, 20, 50, 100, 200 lítear Coimeádán solúbtha (púitse le caidéal/ caipín) poileitiléin ísealdlúis (LDPE): 0,8, 1,3, 2,5 lítear

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ba cheart an táirge a úsáid ar lámha agus ar ghéaga atá an-ghlan.

Ná déan táirgí a úsáidtear mar dhíghalrán lámh máinliachta a athlíonadh nó a scinceáil.

Do chaidéal/do phúitse le caidéal:

Dáil an díghalrán trí chaidéalú 3 huaire ar a laghad (1 ml in aghaidh an chaidéil) ar na lámha agus cuimil é chun na lámha agus na géaga suas go dtí an uillinn a chlúdach go hiomlán. Déan arís agus bain úsáid as codanna de 3 ml cúpla uair chun na lámha agus na géaga a choinneáil fliuch ar feadh 2 nóiméad.

Coinnigh fliuch ar feadh 2 nóiméad i gcoinne baictéar, giosta, baictéir eitinne agus víris speictrim theoranta.

Ná sruthlaigh.

Déan arís má tá díghalrú láimhe eile ag teastáil. (Úsáid suas le 4 huaire in aghaidh an lae).

Do bhuidéal le caipín smeacha/caipín:

Doirt an leacht réidh le húsáid isteach i mbos láimh cuachta amháin, agus cuir go leor ort chun na lámha agus géaga glana a chlúdach go hiomlán suas go dtí an uillinn. Déan arís agus bain úsáid as codanna de 3 ml cúpla uair chun na lámha agus na géaga a choinneáil fliuch ar feadh 2 nóiméad.

Coinnigh fliuch ar feadh 2 nóiméad i gcoinne baictéar, giosta, baictéir eitinne agus víris speictrim theoranta.

Ná sruthlaigh.

Déan arís má tá díghalrú láimhe eile ag teastáil. (Úsáid suas le 4 huaire in aghaidh an lae).

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** ([1])

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach treoracha úsáidsonracha maidir le húsáid an duine aonair.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Seachain teagmháil leis na súile.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Ionanálú: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán.

Teagmháil leis an gcraiceann: Ní heol aon éifeachtaí ná siomptóim sa ghnáthúsáid.

Teagmháil leis an tsúil: Cruthaíonn sé dianghreannú don tsúil.

Ionghabháil: D'fhéadfadh masmas agus urlacan a bheith mar thoradh ar ionghabháil mar gheall ar ghreannú áitiúil agus éifeachtaí sistéamacha amhail an mheisce, an chodlatacht agus uaireanta staid neamhaireachtálach agus leibhéal íseal siúcra fola (go háirithe i leanaí).

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.

MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Bog go haer úr agus fan ar do shuaimhneas i riocht compordach le haghaidh análaithe. Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE/ar dhoctúir

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh an béal. Má tá siomptóim ort: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil. Mura bhfuil aon siomptóim ort: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE/ar dhoctúir. Faisnéis do phearsanra Cúraim Sláinte/dochtúir: Cuir tús le bearta tacaíochta beatha más gá, agus ina dhiaidh sin cuir glao ar IONAD NIMHE.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Má tharlaíonn greannú nigh le huisce agus lorg comhairle liachta. I gcás nochtadh craicinn trí thimpiste: nigh le huisce.

MÁ THÉANN SÉ ISTEACH SNA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Bain tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta iad a bhaint. Lean den sruthlú ar feadh 5 nóiméad ar a laghad. Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE/ar dhoctúir

Réamhchúraimí maidir leis an gcomhshaol:

Seachain scaoileadh (díreach an táirge neamhchaolaithe) amach sa chomhshaol/sa chóras séarachais.

Caolaigh doirteadh le huisce agus mapáil suas.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Diúscair de réir na rialachán náisiúnta nó áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 2 bhliain.

Stóráil faoi bhun 30°C

Stóráil ar shiúl ó theas agus ó sholas díreach na gréine.

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**